



An Bhruiséil, 7 Márta 2024
(OR. en)

7451/24

Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0052(NLE)

AELE 17
EEE 11
ISL 10
N 18
FL 12
PECHE 99

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	4 Márta 2024
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2024) 97 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, an Íoslainn, Prionsacht Lichtinstéin agus Ríocht na hIorua maidir le Sásra Airgeadais LEE le haghaidh na tréimhse Bealtaine 2021 - Aibreán 2028, an Comhaontú idir Ríocht na hIorua agus an tAontas Eorpach maidir le Sásra Airgeadais na hIorua le haghaidh na tréimhse Bealtaine 2021 - Aibreán 2028, an Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua agus an Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Íoslainn

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 97 final.

Faoi iamh: COM(2024) 97 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.3.2024
COM(2024) 97 final

2024/0052 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, an Íoslainn, Prionsacht Lichtinstéin agus Ríocht na hIorua maidir le Sásra Airgeadais LEE le haghaidh na tréimhse Bealtaine 2021 - Aibreán 2028, an Comhaontú idir Ríocht na hIorua agus an tAontas Eorpach maidir le Sásra Airgeadais na hIorua le haghaidh na tréimhse Bealtaine 2021 - Aibreán 2028, an Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua agus an Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Íoslainn

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

Leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (dá ngairtear ‘Comhaontú LEE’ anseo feasta) ceadaítear don Íoslainn, do Lichtinstéin agus don Iorua (‘Stáit CSTE LEE’) a bheith rannpháirteach go hiomlán sa mhargadh aonair. In éineacht leis sin, ó tháinig an Comhaontú i bhfeidhm in 1994, rannchuidigh na trí thír sin le héagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta a mhaolú sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ar bhonn Airteagal 115 den Chomhaontú. Ina theannta sin, ranníoc an Iorua trí shásra airgeadais ar leithligh de chuid na hIorua. Chuaigh na sásraí airgeadais is déanaí in éag an 30 Aibreán 2021.¹

I bhfianaise an ghá leanúnaigh chun éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta laistigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a mhaolú, an 20 Bealtaine 2021 thug an Chomhairle údarás don Choimisiún tús a chur le caibidlíochtaí leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua maidir le comhaontú ar na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc sa todhchaí ag Stáit CSTE EAA le feabhas a chur ar chomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta sa Limistéar Eorpach Eacnamaíocha.² Cuireadh tús le caibidlíochtaí foirmiúla an 16 Meitheamh 2022. I gcomhthráth leis na caibidlíochtaí i ndáil leis na sásraí airgeadais, ach go neamhspleách uatha, cuireadh tús le hathbhreithniú ar phrótacail AE–na hÍoslainne agus AE–na hIorua maidir le trádáil éisc ar bhonn chlásail athbhreithnithe na bprótacal breise a ghabhann leis na Comhaontuithe Saorthrádála leis an Íoslainn agus an Iorua.³

Tugadh na caibidlíochtaí i gcrích ar leibhéal na n- idirbheartaithe ach na hinisealacha á gcur an 30 Samhain 2023 leis an méid a leanas:

- an Comhaontú idir an tAontas Eorpach, an Íoslainn, Prionsacht Lichtinstéin agus Ríocht na hIorua maidir le Sásra Airgeadais LEE le haghaidh na tréimhse Bealtaine 2021 – Aibreán 2028;
- an Comhaontú idir Ríocht na hIorua agus an tAontas Eorpach ar Shásra Airgeadais na hIorua le haghaidh na tréimhse Bealtaine 2021 – Aibreán 2028;
- an Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua; agus
- an Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Íoslainn.

An togra atá i gceangal, baineann sé le tabhairt i gcrích Chomhaontú LEE ar Shásra Airgeadais, Chomhaontú na hIorua, Phrótacal na hIorua agus Phrótacal na hÍoslainne.

Soláthrófar le Comhaontú LEE ar Shásra Airgeadais agus le Comhaontú na hIorua le chéile ranníocaíocht airgeadais EUR 3,268 billiún ó Stáit CSTE LEE ar chomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta in LEE le haghaidh na tréimhse Bealtaine 2021 – Aibreán 2028. Léirítear leis an toradh na teoracha caibidlíochtaí a d’eisigh an Chomhairle, lenar iarradh a) méadú ar na ranníocaíocht airgeadais ó Stáit CSTE LEE; b) cur i bhfeidhm eochair leithdháilte Chiste Comhtháthaithe an Aontais; c) ailíniú ar fhad na sásraí airgeadais nua le hionstraimí Bheartas Comhtháthaithe an Aontais (2021-2027); d) cuimsiú na gcuspóirí glasa i measc na dtosaíochtaí a dtugtar tacaíocht ina leith; agus e) próisis cur chun feidhme níos éifeachtúla le haghaidh sásraí sa todhchaí.

¹ IO L 141, 28.5.2016, lgh. 3 agus 11.

² Doiciméad 8365/21 ADD 1 den Chomhairle.

³ IO L 141, 28.5.2016, lgh. 18 agus 22.

I gcomhthráth leis sin, rinneadh athbhreithniú freisin ar phrótacail dhéthaobhacha maidir le trádáil éisc leis an Íoslainn agus an Iorua. Deonaítear lamháltais nua le haghaidh na tréimhse Bealtaine 2021 – Aibreán 2028. Bunaítear na lamháltais ar na prótacail roimhe sin le haghaidh na tréimhse 2014-2021 agus tá siad i gcomhréir le méid na ranníocaíochtaí airgeadais. Soláthraítear solúbthacht maidir le cuótaí neamhídithe a thabhairt ar aghaidh ag deireadh na tréimhse sin. Déanfaidh an Iorua athnuachan freisin ar an socrú maidir le hidirthuras éisc le haghaidh shoithí an Aontais a thugann gabhálacha i dtír san Iorua.

Tá na Comhaontuithe agus na Prótacail le cur i bhfeidhm go sealadach ó na dátaí a shonraítear ina nAirteagail ar aghaidh, ar feitheamh na nósanna imeachta ábhartha a chur i gcrích maidir leis na Comhaontuithe agus Prótacail sin a dhaingniú nó a thabhairt i gcrích agus a theacht i bhfeidhm.

Bhreithnigh an Coimisiún go bhfuil torthaí na gcaibidlíochtaí sásúil agus molann sé go nglacfadh an Chomhairle an Cinneadh atá i gceangal maidir le tabhairt i gcrích Chomhaontú LEE ar Shásra Airgeadais, Chomhaontú na hIorua, Phrótacal na hIorua agus Phrótacal na hÍoslainne toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

Ós rud é gur gnáthchleachtas é agus gnéithe sonracha de chomhaontaithe idirnáisiúnta atá ann cheana a mhodhnú, beartaítear airteagail ábhartha an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a úsáid mar bhunús dlí le haghaidh na ndruchtchinní, is é sin Airteagal 175 CFAE, an tríú mír i ndáil leis na comhaontuithe ar ranníocaíocht airgeadais le comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta agus Airteagal 207 CFAE le haghaidh na bprótacal maidir le trádáil éisc. Thairis sin, tagraítear d'Airteagal 218(6)(a) CFAE mar an bunús dlí le haghaidh thabhairt i gcrích na gcomhaontaithe sin.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, an Íoslainn, Prionsacht Lichtinstéin agus Ríocht na hIorua maidir le Sásra Airgeadais LEE le haghaidh na tréimhse Bealtaine 2021 - Aibreán 2028, an Comhaontú idir Ríocht na hIorua agus an tAontas Eorpach maidir le Sásra Airgeadais na hIorua le haghaidh na tréimhse Bealtaine 2021 - Aibreán 2028, an Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua agus an Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Íoslainn

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 175, an tríú fomhír agus 207, i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá gá fós ann chun éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta laistigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a mhaolú, agus ba cheart sásra nua le haghaidh ranníocaíochtaí airgeadais Stáit CSTE LEE agus sásra airgeadais nua na hIorua a bhunú dá bhrí sin.
- (2) An 20 Bealtaine 2021, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíochtaí leis an Íoslainn, Prionsacht Lichtinstéin agus Ríocht na hIorua maidir le comhaontú ar ranníocaíochtaí airgeadais Stáit CSTE LEE sa todhchaí le comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.
- (3) Rannchuideofar le Sásra Airgeadais LEE (Bealtaine 2021 – Aibreán 2028) agus Sásra Airgeadais na hIorua (Bealtaine 2021 – Aibreán 2028) le héagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a laghdú agus le caidreamh idir Ballstáit CSTE LEE agus na Stáit is tairbhíthe a neartú.
- (4) Na forálacha speisialta maidir le hallmhairí éisc agus táirgí iascaigh áirithe isteach san Aontas de thionscnamh na hÍoslainne agus na hIorua, a leagtar amach sna Prótacail Bhreise a ghabhann lena gComhaontuithe Saorthrádála faoi seach le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, chuaigh na forálacha sin in éag an 30 Aibreán 2021 agus rinneadh iad a athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 1 de na Prótacail sin.
- (5) Maidir leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Íoslainn, Prionsacht Lichtinstéin agus Ríocht na hIorua ar Shásra Airgeadais LEE le haghaidh na tréimhse Bealtaine 2021 - Aibreán 2028, an Comhaontú idir Ríocht na hIorua agus an tAontas

Eorpach maidir le Sásra Airgeadais na hIorua le haghaidh na tréimhse Bealtaine 2021 - Aibreán 2028, an Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua agus an Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Íoslainn, síníodh iad sa Bhruiséil an (...). Ba cheart na Comhaontuithe agus na Prótacail sin a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Íoslainn, Prionsacht Lichtinstéin agus Ríocht na hIorua maidir le Sásra Airgeadais LEE le haghaidh na tréimhse Bealtaine 2021 – Aibreán 2028, an Comhaontú idir Ríocht na hIorua agus an tAontas Eorpach maidir le Sásra Airgeadais na hIorua le haghaidh na tréimhse Bealtaine 2021 – Aibreán 2028, an Comhaontú Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua agus an Comhaontú Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Íoslainn thar ceann an Aontais Eorpaigh, leis seo formheastar iad thar cheann an Aontais Eorpaigh.

Cuirtear i gceangal leis an gCinneadh seo téacsanna na gComhaontaithe agus na bPrótacal.

Airteagal 2

Ainmneoidh Uachtarán na Comhairle an duine a chumhachtófar chun na hionstraimí formheasa a thaisceadh thar ceann an Aontais Eorpaigh mar a fhoráiltear in Airteagal 3 den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach, an Íoslainn, Prionsacht Lichtinstéin agus Ríocht na hIorua ar Shásra Airgeadais LEE le haghaidh na tréimhse Bealtaine 2021 - Aibreán 2028, Airteagal 11 den Chomhaontú idir Ríocht na hIorua agus an tAontas Eorpach maidir le Sásra Airgeadais na hIorua le haghaidh na tréimhse Bealtaine 2021 - Aibreán 2028, Airteagal 5 den Phrótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua agus Airteagal 4 den Phrótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Íoslainn chun toiliú an Aontais Eorpaigh a bheith faoi cheangal ag na Comhaontuithe agus na Prótacail a chur in iúl.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an⁴

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

⁴ Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.